

Freagairt an Choimisiúin ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh “Sábháil beacha agus feirmeoirí!”

5 Aibreán 2023

#EUGreenDeal

#EUTakeTheInitiative



“Sábháil beacha agus feirmeoirí:
i dtreo talmhaíocht neamhdhíobhálach
do bheacha i gcomhair comhshaol
folláin”

An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

arna thacú ag os cionn **1 milliún saoránach**
ar fud an Aontais

Iarrann sé ar an gCoimisiún na rudaí seo a
dhéanamh:



An fáth a bhfuil tábhacht leis

Cuireann géarchéimeanna idirnasctha an athraithe aeráide, an truaillithe agus chailleadh na bithéagsúlachta bagairt faoi thalmhaíocht agus slándáil fhadtéarmach bia na hEorpa.

Ní bheidh beatha ar an bpláinéad in éagmais pailneoirí. Má chailltear pailneoirí feithide, bainfear an bonn d’fheidhmiú na n-éiceachóras.

Braitheann 80% de speicis fhiáine bairr agus blátha ar phailniú ainmhí.

Tá ceann amháin as gach trí speiceas de bheacha, d’fhéileacáin agus de bheach ghabhair san Aontas i mbaol.



Freagairt an Choimisiúin

- Fearann an Coimisiún fáilte roimh an tionscnamh seo, de bhrí gur dúshlán iad an t-athrú aeráide agus cailleadh na bithéagsúlachta atá ag cur dúshlán níos mó i gcónaí faoi thalmhaíocht na hEorpa.
- Is é an tosaíocht anois oibriú i dtreo **mearghlacadh** na dtograí reachtacha ama ndéanamh ag an gCoimisiún agus atá á n-idirbheartú faoi láthair ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, agus **uaillmhianacha arda a choinneáil ag an am céanna**.
- Is den riachtanas é go gcuirfí i bhfeidhm iad go héifeachtach agus **in am trátha** mar aon leis an **gComhbheartas Talmhaíochta** faoin **gComhaontú Glas don Eoraip**.

Ó cuireadh tús leis an ECI in 2019, tá bearta uaillmhianacha déanta ag an gCoimisiún faoin gComhaontú Glas don Eoraip chun díriú ar mheath pailneoirí agus chun inbhuanaitheacht na gcóras bia a chinntiú:

Tionscnamh Pailneoirí AE Leasaithe: Beartas Nua do Phailneoirí

- ✿ **42 beart** chun **dul i ngleic leis na cúiseanna** le meath pailneoirí, **eolas a fheabhsú** agus **gach gníomhaí ar fud na sochaí** a shlógadh

Straitéis AE ón bhFeirm go dtí an Forc & an Straitéis Bithéagsúlachta

- ✿ **Ba cheart go mbeadh 10%** den limistéar talmhaíochta faoi **ghnéithe ardbhithéagsúlachta tírdhreacha**, mar shampla straidhpeanna idirghabhála, garbhlach uainíochta nó neamhuainíochta, fálta, locháin, chun an bithéagsúlacht sa talmhaíocht a athbhunú
- ✿ Ba chóir **25%** de thalamh talmhaíochta a bheith in úsáid d'**feirmeoireacht orgánach**
- ✿ **Cailleadh cothaitheach** ón talmhaíocht a laghdú de **50% ar a laghad faoi by 2030**, agus a chinntiú ag an am céanna nach dtiocfaidh aon mheath ar thorthúlacht ithreach

Togra le haghaidh Dlí um Athbhunú an Dúlra

- ✿ Spriocanna **nua ceangailteachta** maidir le **hathbhunú éiceachórais talmhaíochta**
- ✿ **An meath ar líonta** pailneoirí a aisiompú **faoi 2030** agus monatóireacht rialta a dhéanamh orthu

Togra le haghaidh 'Rialachán um Úsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí'

- ✿ **Úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus an baol a ghabhann leo idtalmhaíocht AEa laghdú de 50% faoi 2030**
- ✿ Cistí CBT a **úsáid chun feirmeoirí a chúiteamh go ceann 5 bliana** le linn an aistrithe

Comhbheartas Talmhaíochta AE 2023-2027

- ✿ Gabhann sraith coinníollacha comhshaoil **le cistí an Chomhbheartais Talmhaíochta**, a chlúdaíonn **90%** de na limistéir talmhaíochta san Aontas
- ✿ **€100 billiún** mar **thacaíocht d'fheirmeoirí** le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas
- ✿ **49.5 milliún heicteár** le bheith clúdaithe ag **bearta breise** a thacaíonn le caomhnú/athbhunú na bithéagsúlachta nó laghdú ar úsáid lotnaidicídí. Is féidir go n-áireofar ar chleachtais talmhaíochta tacaíthe **feirmeoireacht orgánach, agraí-éiceolaíocht, nó feirmeoireacht chruinnis**

Gealltanais dhomhanda AE

- ✿ Sa **Chreat Bithéagsúlachta Domhanda**, ama aontú i Nollaig 2022 in Montréal, gheall AE agus a bhallstáit **an riosca foriomlán** a ghabhann le **lotnaidicídí** a laghdú **faoina leatha faoi 2030**

